# Nuacht Litir

Scoil Cholmcille
Ros a'Mhíl

# 50

## Cáisc 2019

### Liathróid Láimhe



Bhí Liathróid Láimhe ag na meánranganna agus na hardranganna arís i mbliana le Micheál Dunne. Thaitin sé go mór le na gasúir.

### Scéalaíocht 29/1/19

Chuaigh Rang N Bheaga suas go dtí Rang 4 chuig an Crompán le haghaidh seisiúin scéalaíochta.  Bhi sé eagraithe ag Tuismitheoirí na Gaeltachta. Fuair gach duine mála le leabhar agus rudaí deasa taobh istigh ann!



### Connemara Granite 29/1/19




Buíochas ó chroí le Jimí agus Stephen Ó Lorcáin ó Connemara Granite a rinne urraíochta ar go leor den éadach spóirt nua don scoil. Bhí

géar ghá leis seo agus is cinnte nach mbeidh scoil sa tír a bheidh chomh feistithe linn agus muid ag caitheamh glas agus bán Ros a'Mhíl le bród. Bhí Jimí agus Stephen linn le haghaidh bronnadh agus pictiúir an tseachtain seo caite. Nár laga Dia sibh ar fad i Connemara Granite.

## Fred the Party Professor 5/2/19

Tháinig Fred the Party Professor chuig an scoil. Bhí an-time ag na gasúir. Bhí siad ag damhsa agus ag déanamh cleasanna leis!




**Ceol Dráma 9 to 5**



Chuaigh na hArdranganna chuig an ceol dráma 9 to 5 a bhí curtha ar stáitse ag Idirbhliain Scoil Chuimsitheach Chiaráin. Bhí an-lá acu!

**Féile Scoildrámaíochta**



Rinne N Bheaga- Rang 4 an dráma 'Ceiliúradh an Leathchéad'. Ghlac muid páirt sa gcomórtas Féile Scoildrámaíochta i Halla Chill Chornáin, Droichead an Chláirín. Fuair muid cupán don Nua Dhráma is fearr agus bhuaigh muid an chéad áit inár gcomórtas. Ag an gCoirm Gael Linn (4/3/19) i Halla na Cathrach, Gaillimh, fuair muid dhá dhuais: Amhránaíocht Binn agus Greann agus Aisteoireacht den scoth.

Ansin chuaigh muid tríd don Chomórtas Chonnaht i Seanscoil Sailearna (13/3/19) agus d'éirigh linn dhul tríd ag an Comórtas Náisiúnta i Muillean gCearr (3/4/19)

**Blitz Liathróid Láimhe 1/3/19**

Chuaigh na hArdranganna chuig an Ionad Pobail, Cill Chiaráin chun páirt a ghlacadh i mBlitz Liathróid Láimhe. Bhí 3 scoil eile ann; Cill Chiaráin, Ros Muc agus Ard Thiar. Bhuaigh ár gcailíní comórtas na gcailín!!!



**Fíbín- Ár Scéal 7/3/19**




Bhí Rang Áine ar 'Ár Scéal' ar TG4 ar an 7ú Márta. Rinne siad scéal ' Connie sa Chathair '. Tá sé le feiceáil ar TG4 Player faoi láthair.

**Lá Fhéile Pádraig**

Bhí muid sa bParáid arís i mbliana agus ag ceiliúradh an Leathchéad a bhí muid.




Bhí muid gléasta i ndathanna difriúil. Tháinig muid sa dara háit.

Ba mhaith linn míle buíochas a ghlacadh le na tuismitheoirí a shiúl sa bparáid, a bhrú an cáca agus a chroch na banners. Moladh agus buíochas mór ag dul do John, Mairéad agus Molly a chaith laethanta ag obair go crua!

**Lá Oscailte 20/3/19**

Tháinig na gasúir a bheidh ag tosú ar scoil tar éis an tsamhraidh chuig an scoil le haghaidh Lá Oscailte. Bhi siad ag spraoi le na gasúir eile sna bunranganna.



**Blitz Peile 25/3/19**

Bhí Blitz Peile ag na hArdranganna i Leitir Móir in aghaidh scoileanna beaga eile. Bhí dhá fhoireann againn cailíní agus buachaillí meascaithe. Déirigh leo chuile chluiche a bhuachaint seachas ceann amháin a chríochnaigh ar chomhscór!!



**Searmanas an tSolais 1/4/19**



Bhí Searmanas an tSolais sa Séipéal ag na hArdranganna agus iad ag ullmhú don Chóineartú. Bhí cóisir bheag agus cáca acu agus a dtuismitheoirí sa scoil ina dhiadh.

**Dráma san Ionad Pobail 1/4/19**

Chuir muid an dráma 'Ceiliúradh an Leathchéad' ar stáitse san Ionad Pobail i Ros a' Mhíl. Tháinig na sluaite amach ag tabhairt tacaíochta dúinn agus bhailigh muid os cionn €600! Chuaigh an t-airgead seo i dtreo costaisí tastil le linn an Fhéile Scoildrámaíochta. Go raibh míle maith agaibh ar fad!

**Cóineartú 5/4/19**



Bhí lá álainn ag na hArdranganna don Chóineartú. Bhí sé i Séipéal Cill Treasa i mbliana do Scoil Ros a' Mhíl amháin!! B'shin an chéad uair a tharla sé seo! Bhí Rang 1-4 ann mar chór agus mar cheolteoirí agus bhí an t-Easpag Breandán Ó Ceallaigh i láthair ag ceiliúradh an Aifrinn agus i mbun an Chóineartú.








Ag guí Cáisc Shona oraibh ar fad.

Foireann na Scoile

Athoscailt: 29/4/19